**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.30**

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR**

**FREAGAIR GACH CEIST, 1, 2, 3, 4, 5 AGUS 6**
**FREAGAIR CEISTEANNA 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR**
**FREAGAIR 4, 5 AGUS 6 I DO FHREAGARLEABHAR**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

## 1. PICTIÚIR
(15 mharc)

Déan staidéar ar na pictiúir, **A, B agus C,** a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**
*Taispeánann Pictiúr A déantán ó Ré na Luath-Chríostaíochta in Éirinn.*

(i) Cén t-ainm a thugtar ar an déantán a bhfuil an lipéad **X** air i bPictiúr A?

…………………………………………………………………………………………… (1)

(ii) Cén iarracht a rinneadh chun an déantán seo a chaomhnú?

..…………………………………………………………………………………………..

..……………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Cén aidhm a bhí leis an déantán seo le linn Ré na Luath-Chríostaíochta in Éirinn?

……………………………………………………………….........................................

…………………………………………………………………………………………… (2)

(*b*) **PICTIÚR B**
*Is radharc é Pictiúr B a thaispeánann daoine i mbaile mór meánaoiseach agus eagla orthu roimh an bPlá Mhór.*

(i) Cén fhianaise atá i bpictiúr B a thugann le tuiscint go raibh eagla ar dhaoine roimh an bPlá Mhór?

………………………………………………………………………………………………

..…………………………………………………………………………………………… (1)

(ii) Tabhair **dhá** chúis ar scaip an Phlá Mhór go tapa i mbailte móra meánaoiseacha.

………………………………………………………………………………………………

..……………………………………………………………………………………………..

..…………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Cad ba chiall le cuirfiú i gcás bailte móra meánaoiseacha?

......................................................................................................................................

......................................................................................................................................(2)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Taispeánann Pictiúr C insealbhú an Uachtaráin, Máire Mhic Róibín, in 1990.*

(i) Cén fáth a gceaptar gur ócáid shuntasach i stair na hÉireann ab ea insealbhú Mháire Mhic Róibín mar uachtarán in 1990?

……….…………………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………………….. (1)

(ii) Cén post a bhí ag Máire Mhic Róibín díreach i ndiaidh di a bheith ina huachtarán?

.......................................................................................................................................... (2)

(iii) Ainmnigh **dhá** shlí inar athraigh saol na mban in Éirinn san fhichiú haois seachas iad a bheith páirteach i gcúrsaí polaitíochta.

……….…………………………………………………………………………………………..

……….…………………………………………………………………………………………..

……….……………………………………………………………………………………… (2)

**2. DOICIMÉID**
(15 mharc)

Léigh an dá dhoiciméad, **1** agus **2,** a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **DOICIMÉAD 1**
*Sliocht as óráid a chraol Stailín, ceannaire Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha, ar 22 Meitheamh 1941.*

(i) Cén baol mór atá ag bagairt ar an Aontas Sóivéadach?

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (1)

(ii) Luaigh cúinse fabhrach **amháin** a chuir ar chumas trúpaí faisisteacha Gearmánacha críocha Sóivéadacha a ghabháil.

………………………………………………………………………………………………....

……………………………………………………………………………………………….. (1)

(iii) Cad a bhain an tAontas Sóivéadach amach, dar le Stailín, de bharr socrú neamhionsaithe a dhéanamh leis an nGearmáin?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(2)

(iv) Luaigh **dhá** bheart a bhí riachtanach, dar le Stailín, chun an namhaid a scriosadh.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(2)

(v) Bíonn óráidí polaitiúla, ar nós an chinn seo a thug Stailín, úsáideach do staraithe. Tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le hóráidí polaitiúla a úsáid mar fhoinsí staire.

Buntáiste: …………………………………………………………………………………….

...………………………………………………………………………………………………

Míbhuntáiste: …………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

*(b)* **DOICIMÉAD 2**

*Sliocht coimrithe as clár faisnéise de chuid RTÉ a craoladh den chéad uair ar 7 Iúil,1978. Tugann Emmet Dalton breac-chuntas ar na cúiseanna a ndeachaigh sé isteach in arm na Breataine chun troid sa Chéad Chogadh Domhanda agus déanann sé cur síos ar fhreagairt a athar nuair a chonaic sé a mhac in éide arm na Breataine.*

(i) Conas a chuidigh Joseph Devlin le Dalton lena mhian dul isteach in arm na Breataine?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………...... (1)

(ii) Cén coimisiún a fuair Dalton?

…..……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….... (1)

(iii) Cén fáth a raibh comhbhá ag na saighdiúirí sa Bhriogáid Éireannach leis an mBeilg?

……………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………….... (1)

(iv) Ar aontaigh athair Dalton leis an gcinneadh a rinne a mhac dul isteach in arm na Breataine? Tabhair píosa **amháin** fianaise ón doiciméad chun tacú le do fhreagra.

………………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………………… (2)

(v) Cén fáth ar mhol Seán Réamann, ceannaire Pháirtí an Rialtais Dúchais, do bhaill d'Óglaigh na hÉireann dul isteach in arm na Breataine agus troid sa Chéad Chogadh Domhanda?

……………………………………………………………………………………………....

……………………………………………………………………………………….. (2)

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**
(20 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 2 mharc an ceann iad.

(i) Cad is foinse thánaisteach ann? Tabhair sampla.

Míniú:………………………………………………………………………..…………………………..

Sampla:………………………………………………………………………………………… (2)

(ii) Maidir le sibhialtacht ársa a ainmníonn tú **LASMUIGH** d'Éirinn, luaigh **dhá** fhíric faoi *thithíocht* ón tsibhialtacht sin.

…………………………………………………………………………………………………………

…………...…………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Ainmnigh **dhá** mhian mhiotail a úsáideadh in Éirinn sa Chré-umhaois.

…………………………………………………………………………………………………… (2)

(iv) Cad ba chlabhstra ann i mainistir mheánaoiseach?

…………………………………………………………………………………………………………

…………...…………………………………………………………………………………… (2)

(v) Luaigh **dhá** ghné d'ailtireacht na hAthbheochana.

……………………………………………………………………………………………………………..

…………...…………………………………………………………………………………… (2)

(vi) Tabhair **dhá** chúis ar cheap mórán daoine go raibh gá le leasú san Eaglais Chaitliceach thart ar 1500.

……………………………………………………………………………………………………………..

…………...…………………………………………………………………………………… (2)

(vii) Luaigh **dhá** bhealach a ndearna an Eaglais Chaitliceach iarracht stop a chur le leathadh an reiligiúin Phrotastúnaigh le linn an séú haois déag.

………………………………………………………………………………………………………….

……..……………………………………………………………………………………… (2)

(viii) Luaigh **dhá** thoradh a bhí ar imfhálú le linn na Réabhlóide Talmhaíochta.

………………………………………………………………………………………………………

…………...…………………………………………………………………………………… (2)

(ix) Cad ab ea na h*Achtanna Monarchan* sa Bhreatain le linn na Réabhlóide Tionsclaíche?

……………………………………………………………………………………………………….

…………...…………………………………………………………………………………… (2)

(x) Luaigh gníomh **amháin** a rinne rialtas na Breataine chun déileáil leis an nGorta Mór le linn na 1840idí.

……………………………………………………………………………………………………….. (2)

(xi) Luaigh **dhá** thoradh a bhí ar an nGorta Mór d'Éirinn.

………………………………………………………………………………………………………...

……………………………………………………………………………………………………… (2)

(xii) Ainmnigh an páirtí polaitíochta a bhunaigh Art Ó Gríofa in 1905.

……………………………………………………………………………………………………… (2)

(xiii) Ainmnigh **dhá** fhoirgneamh ar ghabh na reibiliúnaigh seilbh orthu le linn Éirí Amach na Cásca 1916.

……………………………………………………………………………………………………… (2)

(xiv) Luaigh **dhá** théarma a bhí sa Chomhaontú Angla-Éireannach, 1938.

………………………………………………………………………………………………………...

……………………………………………………………………………………………………… (2)

(xv) Cén fáth ar bunaíodh Cumann Cearta Sibhialta Thuaisceart Éireann (NICRA) in 1967?

………………………………………………………………………………………………………...

……………………………………………………………………………………………………… (2)

(xvi) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le Mussolini:

*An Mháirseáil ar an Róimh;* *Conradh na Lataráine;* *Feachtas na hAibisíne.*

………………………………………………………………………………………………………...

……………………………………………………………………………………………………… (2)

(xvii) Luaigh **dhá** ghníomh a rinne Hitler le go mbeadh sé ina dheachtóir ar Ghearmáin na Naitsithe.

………………………………………………………………………………………………………...

……………………………………………………………………………………………………… (2)

(xviii) Cad ab ea Dlíthe Nurnberg i nGearmáin na Naitsithe?

………………………………………………………………………………………………………...

……………………………………………………………………………………………………… (2)

(xix) Cad ba ghéilleadh síthe ann?

………………………………………………………………………………………………………...

……………………………………………………………………………………………………… (2)

(xx) Ainmnigh **beirt** a bhí ina gceannairí ar Pháirtí an Lucht Oibre in Éirinn ó 1912 i leith.

……………………………………………………………………………………………………… (2)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5 AGUS 6, I bhFREAGARLEABHAR FAOI LEITH**

## 4. PEARSANA SA STAIR
(40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Seandálaí i mbun oibre. (20)

(ii) Searbhónta a d'oibrigh i gcaisleán meánaoiseach. (20)

(iii) Scríbhneoir *nó* eolaí, **a ainmníonn tú,** ón Athbheochan. (20)

**AGUS**

**B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Lonnaitheoir a fuair talamh le linn plandála **a ainmníonn tú** sa 16ú nó sa 17ú haois. (20)

(ii) Ceannaire, **a ainmníonn tú,** i réabhlóid (i Meiriceá, sa Fhrainc nó in Éirinn) le linn na tréimhse, 1771-1815. (20)

(iii) Ceannaire, **a ainmníonn tú**, sa choimhlint ar son neamhspleáchas na hÉireann, 1900-1912. (20)

**5. RÉ NA TAISCÉALAÍOCHTA** (30 marc)

**FOINSE D**



www.en.wikipedia.org

**FOINSE E**




www.glogster.com

| | |
|---|---|
| Lisbon, Portugal = Liospóin, An Phortaingéil | Africa = An Afraic |
| Atlantic Ocean = An tAigéan Atlantach | Cape of Good Hope = Rinn an Dóchais |
| Madagascar = Madagascar | Indian Ocean = An tAigéan Indiach |
| Calicut, India = Calicut, An India | Asia = An Áise |

**FOINSE F**

*Sliocht coimrithe as cuntas Antonio Pigafetta ar thuras Magellan timpeall an domhain*

Ar an gCéadaoin, 28 Samhain 1520, chuamar isteach sa mhuir Chiúin, áit ar fhanamar ar feadh trí mhí agus fiche lá gan aon soláthairtí ná aon sólaistí eile a thógáil ar bord. Níor itheamar ach seanbhrioscaí a bhí ina bpúdar agus lán le cruimheanna, agus iad bréan ón salachar a d'fhág francaigh orthu agus d'ólamar uisce a bhí buí agus bréan. Chomh maith leis sin, d'itheamar na craicne damh a bhí an-chrua de bharr na gréine, na báistí agus na gaoithe. D'fhágamar san fharraige iad ar feadh ceithre nó cúig lá agus ansin chuireamar ar an ngríosach ar feadh tamaillín iad agus ansin d'itheamar iad; min sáibh ó adhmad freisin, agus francaigh ach níorbh fhéidir dóthain díobh a fháil.

Seachas na drochrudaí atá luaite thuas, ba é an mí-ádh seo a luafaidh mé an ceann ba mheasa ar fad: is é sin, gur fhás drandail uachtair agus íochtair fhormhór na bhfear chomh mór sin nach raibh ar a gcumas ithe agus, ar an gcaoi sin, fuair naoi nduine dhéag bás. Táim den tuairim láidir nach bhfeicfear turas farraige mar seo arís. Seachas iad siúd a fuair bás, buaileadh tinn fiche a cúig nó tríocha duine ó ghalair eile, sna lámha agus sna cosa agus in áiteanna eile, sa chaoi nach raibh ach fíorbheagán a d'fhan ina sláinte.

Mar sin féin, buíochas le Dia, ní raibh aon tinneas ormsa. Sna trí mhí agus fiche lá sin, sheolamar ceithre mhíle léig sa mhuir Chiúin. Ba mhaith an t-ainm Ciúin di mar, le linn an ama seo, níor bhuaileamar le haon stoirm agus ní fhacamar aon talamh ach amháin dhá oileán bheaga gan chónaí orthu, nach bhfuaireamar ach éin agus crainn iontu.

*www.archive.org*

**A. Foinsí D agus E**

(i) Taispeánann foinse D an Prionsa Anraí an Loingseoir. Luaigh bealach **amháin** ar chuir sé le forbairtí i dtaisteal mara le linn aois na taiscéalaíochta. (2)

(ii) Ainmnigh an mairnéalach Portaingéalach a bhí i gceannas ar an turas chuig an India sa bhliain 1497 a thaispeántar le líne dhearg i bhFoinse E. (2)

(iii) Cén fáth ar fhan lucht an turais a thaispeántar i bhfoinse E chomh gar sin do chósta na hAfraice, den chuid is mó? (2)

(iv) Cén fáth a dtéadh mairnéalaigh ar thurais fionnachtana ar nós an chinn a thaispeántar i bhFoinse E? (2)

**B. Foinse F**

(i) Cén fáth a raibh bia chomh dona sin ag na mairnéalaigh le linn a dturais trasna an Aigéin Chiúin? (2)

(ii) Conas ar fhéach siad leis na craicne damh a ullmhú lena n-ithe? (2)

(iii) Cén mí-ádh ba mheasa, de réir an scríbhneora? (2)

(iv) Cad a bhí i gceist ag an scríbhneoir, dar leat, nuair a scríobh sé 'Táim den tuairim láidir nach bhfeicfear turas farraige mar seo arís'? (2)

(v) Fuair mórán de na mairnéalaigh ar thuras farraige Magellan bás den ghalar carrach. Cad ba chúis leis an ngalar seo? (2)

**C.** Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Tionchar na taiscéalaíochta ar na pobail dhúchasacha sa Domhan Nua.

(b) Na buntáistí a bhain tíortha Eorpacha as na turais taiscéalaíocha sin.

(c) Coimhlintí idir thíortha Eorpacha mar thoradh ar na turais farraige.

(12)

**6.** Freagair **dhá** cheann de na ceisteanna seo a leanas, **A, B, C, D.** (60 marc)

## (A) ÁR bPRÉAMHACHA SA tSIBHIALTACHT ANALLÓD

(i) Cén fáth a dtugtar an Chlochaois ar an tréimhse is faide siar sa stair? (2)

(ii) Luaigh **dhá** chineál dul chun cinn a rinne daoine sa tréimhse Neoiliteach. (2 x 2)

(iii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le hÉirinn anallód:

*Tuath;* *Aos Dána;* *Ogham.* (2 x 2)

(iv) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann de na réimsí seo ó Ré na gCeilteach in Éirinn:

(a) Feirmeoireacht.
(b) Áiteanna cónaithe.
(c) Ceardaíocht.
(d) Nósanna adhlactha. (10 x 2)

## (B) ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Mínigh conas a bheadh **dhá** cheann de na foinsí seo a leanas úsáideach chun staidéar a dhéanamh ar athrú sóisialta in Éirinn:

*Sean-nuachtáin;* *Tuairiscí daonáirimh;* *Agallaimh le seandaoine.* (2 x 2)

(ii) Tabhair **trí** chúis ar tháinig ardú mór ar an daonra i gceantar Bhaile Átha Cliath ó na 1960idí i leith. (6)

(iii) Scríobh faoi athruithe in **dhá** cheann de na réimsí seo a leanas ó 1945 i leith:

(a) Cumarsáid.
(b) Tithíocht.
(c) Oideachas.
(d) Iompar. (10 x 2)

## (C) FORBAIRTÍ POLAITÍOCHTA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) I do fhreagarleabhar, líon isteach na focail atá in easnamh sna habairtí seo a leanas (1)-(6).
Ba chóir duit an uimhir chruinn a chur leis na focail ach ní gá duit na habairtí a athscríobh.
**Ná freagair an cheist seo ar do scrúdpháipéar.**

(1) Ba í an deighilt faoin gC ……………….Angla-Éireannach an phríomhchúis a bhí leis an gCogadh Cathartha, 1922-1923.

(2) Tugadh na R…………………………..ar lucht an IRA a bhí ar son an Chonartha.

(3) Ghlac na Neamhrialtaigh nó na Poblachtaigh seilbh ar na C………………C………………..…i mBaile Átha Cliath.

(4) Tar éis gur briseadh orthu i mBaile Átha Cliath, chúlaigh na Neamhrialtaigh go dtí an taobh ó dheas de líne ó Luimneach go Port Láirge, P……………na M………….. mar a tugadh uirthi.

(5) Nuair a bhásaigh Ó Gríofa agus Ó Coileáin, rinneadh ceannairí ar Shaorstát Éireann de W T C…………………………. agus de Kevin O'Higgins.

(6) Chríochnaigh an Cogadh Cathartha nuair a d'fhógair Aiken agus de Valera s……………..…. i mí Aibreáin 1923. (1 x 6)

(ii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le hÉirinn san fhichiú haois:

*Lucht na Léinte Gorma; Claonroinnt; An Scéim Mháthar agus Linbh* (2 x 2)

(iii) Tabhair cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) Géarchéim an Rialtais Dúchais, 1912-1914.
(b) An méid a bhain rialtas Chumann na nGaedheal amach, 1922-1932.
(c) An saol in Éirinn le linn na hÉigeandála.
(d) Seán Lemass mar Thaoiseach, 1959-1966. (10 x 2)

## (D) AN CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Luaigh **dhá** chúis a raibh tóir ar an bhfaisisteachas san Eoraip sna 1920idí agus 1930idí. (2)

(ii) Déan cur síos ar an gcaoi ar bhain deachtóirí faisisteacha mar Mussolini agus Hitler úsáid as bolscaireacht chun iad féin a choinneáil i gcumhacht. (4)

(iii) Tabhair **dhá** chúis ar theip ar Chonradh na Náisiún an tsíocháin a choinneáil san Eoraip le linn na 1930idí. (4)

(iv) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a bhaineann leis an Dara Cogadh Domhanda, 1939-1945:

*An Cogadh Bréige; An Blitz; D-Day (Meitheamh 1944)* (2 x 2)

(v) Roghnaigh Topaic 1 nó 2 nó 3 thíos:

**Topaic 1 - Teacht i dTreis na nOllchumhachtaí.**

(i) Cén fáth ar tugadh 'na hOllchumhachtaí' ar SAM agus ar APSS? (4)

(ii) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) Cogadh na Cóiré, 1950-1953.
(b) Géarchéim Diúracán Chúba. (12)

**Topaic 2 - Gluaiseachtaí i dtreo Aontú na hEorpa.**

(i) Cén fáth ar féachadh le comhoibriú níos fearr a chothú idir thíortha na hEorpa tar éis 1945? (4)

(ii) Scríobh faoi imeachtaí a spreag aontú níos mó idir thíortha na hEorpa, 1973-1992. (12)

**Topaic 3 - Náisiúnachas san Afraic agus san Áise.**

(i) Luaigh **dhá** chúis ar thosaigh tíortha Eorpacha ar a gcuid coilíneachtaí a thabhairt suas tar éis 1945. (4)

(ii) Tabhair cuntas ar an gcoimhlint ar son neamhspleáchais tar éis 1945 i dtír **a ainmníonn tú** san Afraic nó san Áise. (12)